


# COMÓRTAS AMHRÁN NUACHUMTHA 1992



# COMÓRTAS NA NAMHRÁN NUACHUMTHA

(An Comórtas Náisiúnta Pan Chailleach)



*Cathaoirleach:* Tomás Mac Con Iomhaire

*Rúnai:* Máire Uí Iarnáin

*Cisteoir:* Séamas Ó Cualáin

*Oifigeach Caidreamh Poiblí:* Dónall Ó Colchúin

*Oifigeach Fógaraíochta:* Bríd Ní Chualáin

*Foilsitheoir:* Coiste Chomórtas na Namhrán Nuachumtha 1992

*Eagarthóir:*

Máire Uí Iarnáin

*Clóchur:*

Micheál Barry Ó Flatharta

*Cúntóirí:*

Áine De Bhaillís

&

An Scéim Oiliúna i bhForbairt Phobail

Áras Mháirtín Uí Chadhain


An Cheathrú Rua

Co. na Gaillimhe.

Márta 1992



# Stór na hÉireann. Beir leat é!



**Croí Cine**  
ar fáil tríd na siopaí leabhar 'on Áis

## CLÁR

Amhrán	Rannóg	Lth	Cumannóir/í	Fonnadóir/ Grúpa Ceoil
Le duise bheartm grá.	R1	5	Charlie Lennon & Dáimuid Ó Gráinne.	Charlie Lennon.
Mairéad.	R1	6	M. Ó Ruairc, S. Ó Ruairc, A. Uí Chastáin.	Máire Nic Uidhir.
Aisling Mo Chroí.	R1	7	Tomás Ó Cathaill.	Tomás Ó Cathaill.
An Ghaeilge Bheo.	R1	8	Ralph Ó Tuathail.	Na Tinnirí.
"Níl barrúil a'm".	R1	9	Niamh Ní Eadhain.	Shako.
Bairbre.	R1	10	Colm Mac Sealaigh.	Colm Mac Sealaigh & Páirtí.
Sóisce Geala na Cathrach.	R1	11	Gearóid Ó Murchú.	Gearóid Ó Murchú.
Colmáigh ar d' Aisling.	R1	12	Clem Mac Airt.	Clem Mac Airt.
Fáilid na Fátinleoiige.	R2	15	Learaí Ó Fionnradha.	Máire Bn. Uí Naeth.
Conamara.	R2	16	Pádraic Seoighe.	Pádraic Seoighe.
A Stóirín, téag seal mé ón bPian.	R2	18	Tomás Mac Eoin.	Tomás Mac Eoin.
Mo Chailín Deas Donn.	R2	19	Caitriona Ní O'Connell & Risteard Mac Aodha.	Pádraig Ó Flaahara.
Amhrán na Béirne.	R2	21	Seán Ó Flannagáin.	Seán Ó Flannagáin.
Braíán Glas.	R2	22	Uinsíonn Ó hArgadáin.	Uinsíonn Ó hArgadáin.
Daraeh Ó Catháin.	R2	24	Sailf Uí Ghionnáin.	
Do Lá, A Dhessáin.	R2	25	Tom Páidí 'Ac Dáinnada.	Máirín S. Ó Conghaile.
Geallta na mBáid i Mionlach.	R3	29	Baill Scoil Éigse & Seanchais Anach Cuain.	Míchreál Ó Casaric.
An Grá Úr san Óige.	R3	31	Clement Mac Mánuis.	Ciarán De Bliaca
Fearí Ionann.	R3	32	Albert Webster.	Albert & Janet Webster.
A Ruairt Dhal Mhic Easnuin.	R3	33	Dónall Ó Colchúin.	Dúrling.
Mearaí Mór na Laoch.	R3	34	Liam Ó Donnchadha.	Máire Bn. Uí Choincheanainn.
Ag Cuimhneamh Ort.	R3	35	Máire Éilís Ní Phalaibarta.	Cristín Ní Phalaibarta & Soisre.
Mo Chailín Féin.	R3	36	Siobhán Ní Shuilleabháin.	Deirdre Ní Bhrolcháin.

ÁIS

31 Sr. na bhFinnín, Baile Átha Cliath 2. Fón: 6165222, 6162359. Fáv: 616564

Bord na Caeilge



### Coiste Chomórtas na nAmhrán 1992:

(Ó chlé: Tomás Mac Con Iomaire, Cathoirtleach; Máire Uí Iarnáin, Rúnaí; Bríd Ní Chualáin, Oifigeach Fógraíochta; Dónall Ó Colchúin, Oifigeach Cairdeamh Poiblí. Thíos: Séamas Ó Cualáin, Cisteoir.)



### Moltóirí Chomórtas na nAmhrán Nuachumtha 1992:

Máirín Mac Donncha & Pádraig Ó hAoláin.

### Is Duitse Bheirim Grá

Charlie Lennon  
Diarmuid Ó Gráinne.

Ó, D'fhair me tú go hóg  
Is do shúile lán le híontais  
D'fhair me tú mar ghearrchaille  
Nuair a bhí na toir faoi bhláth.  
D'fhair mé tú mar bhean óg  
Lán le spiorad is le heasarláíocht  
Is b'fhada liom bheith snaidhmthe leat,  
A stór is a ghrá.

Is smaoinín ort de shíor  
Ag treabhath dom sna páirtreanna;  
Smaoinín ort is mé tuirseach  
Faoi sceach gheal im luí.  
Smaoinín ort faoi luí gréine  
Is teas na lae imeacht uaim,  
Is taibhrín ort san oíche  
Go breacadh an lae ghil.

Tá mo ghrá duit níos doimhne  
Ná an fharráige 'á timpeall ort;  
Is láidre é ná na tonnta  
A laseann ar an trá.  
Is gile é ná an ghrian  
A phléascann trí na néalta ceatha úd;  
Is boige é ná an ghaoth aniar  
A scaipeann smúit is ceo.

Is má bhíonn tú liom, a stór  
Cé híseal í mo chéimíocht  
Mo bhrioglóid, mo thaibhreamh  
Roinnfead leat go deo.  
Is más é toil Rí na Glóire  
Gur mise féin a roghnófa  
Geallaim duit ar Altóir Dé  
Gur duitse thabharfad grá.

**MAIRÉAD**  
 M. Ó Ruairc, S. Ó Ruairc, A. Uí Chaisín.

Anois, a Mhairéad, tá mé ag filleadh  
 deireadh leis an obair bhríomhar  
 tá na deora móra silte  
 táim ag teacht chugat.

Chait mé na hoícheanta go brónach  
 is na laethanta ag obair  
 gheall mé go bhfillfinn abhaile  
 aontú leat go luath.

I gcéann tamaill beirimid le chéile  
 tar, a uair, gan mhoill in aon chor  
 lá an fhilidh - amárach - an fhéile  
 buailcann mo chroí go trom.

Mhairéad, Mhairéad, 's tú cúis mo shaoilse  
 bhí orm dul thar sáile an t-ann sin  
 geallaim anois of comhair na réalta  
 "beidh mé ar ais gan mhoill".

Anois, a Mhairéad, tá mé ag filleadh  
 deireadh leis an obair bhríomhar  
 tá na deora móra silte  
 táim ag teacht chugat.

**AISLING MO CHROÍ**  
 Tomás Ó Cathaill.

Míol mór na mara 's Dún Aengus ar do dhroim  
 's do chóta crua liath ag eirf thar taoid',  
 Cáitheadh na farraige mar dhealach os cionn do chinn,  
 Láidreacht na hollphéiste ciúine agat i do chroí.

Curfa:-  
 Aisling 's mé annuigh san áit bhreá seo,  
 Aisling 's ionadh an domhain orn anois,  
 M'aisling, is tú grá geal m'anama 's mo chroí,  
 M'aisling álainn a thiocfaidh chugam arís 's arís.

Báid Ón mórtír mar éisc bheaga le do thaobh,  
 Eitleáin mar éiníní a' titim timpeall d'aireabaill,  
 Paisnéirí beaga ag snámh ar do chraiceann crua liath,  
 Ag teacht 's ag imeacht le gné éigin den mhíol iontu féin.

An ghaoth 's na tonnta i gcónaí mar chomhpánaigh agat  
 An ghrian 's an luan mar do lampaí ar feadh an lae go léir,  
 Boladh 's blas 's radharc na mara ag cur mo chroí ó chéill,  
 Boladh 's blas 's radharc, is tú féin id aisling agam.

The image shows four staves of musical notation. Each staff contains a sequence of notes represented by black dots on a five-line staff. The notes are arranged in a way that suggests a simple melody. The first staff starts with a note on the second line from the bottom. The second staff continues the sequence. The third staff has a note on the first line. The fourth staff has a note on the second line. The notation is minimalist, focusing on the pitch of the notes.

## An Ghaeilge Bheo

Rapht Ó Tuadhail.

An Ghaeilge Bheo, ár dtéanga bhinn  
Nach gceapfá gur fíú í a choinneáil;  
Labhair í, sin é an slí  
Chun í a choinneáil beo go deo.

Curfá:-  
Más í do theanga í, labhair do theanga  
Ná lig di, ná lig di bás a fháil;  
Más í do theanga í, labhair do theanga  
Is beidh sí beo go deo, beo go deo.

Sin é an chaoi, 'na bhfuil sí  
Lag is leamh ach fós ag fás;  
Labhair í, sin é an slí  
Chun í a choinneáil beo go deo.

Curfá:-  
Más í do theanga í, labhair do theanga  
Ná lig di, ná lig di bás a fháil;  
Más í do theanga í, labhair do theanga  
Is beidh sí beo go deo, beo go deo.

## 'Níl barúil a'm'.

Niamh Ní Eighin.

Ó, tar anseo, a ghrá, is abair liom  
gur fíú domsa 'rá go bhfanfaidh mé anseo  
le do thaobh, bliain nó b'fhéidir lá.  
Ach níl ' fhios agam, ní fheicimse an tódhchar  
ach tá mé anseo leat agus sásta ann.  
Nach bhfeiceann tú é sin?

Curfá:-  
Ó, níl barúil a'm cén fáth níos mó;  
an domhan ar fad ag rá liom  
gur chóir dom ' bheith i ngrá.  
Ach tiocfaidh lá 'gus imeoidh lá;  
tiocfaidh grá agus imeoidh grá.  
Tiocfaidh lá nach bhfillfidh grá  
Is go gcaithfidh tú dul amach á chuardach.  
Seas anseo le mo thaobh  
Agus creid gach uile fhocal as mo bhéal.

Ó, tar anseo, a ghrá, is abair liom  
go bhfuil tú mar atáim  
's go bhfanfaidh tú anseo le mo thaobh  
bliain nó go brách.  
Ach inis dom ....ní thuigimse an scéal fós  
.....an mbeidh tú liom?  
nó i bhfad i gcéin?  
Ar mhaith leat insint dom?

Curfá.

## BAIRBRE

Colm Mac Sálaigh.

Curfá:-

A Bhairbre, fan le mo thaobh,  
A Bhairbre, ná déan ainilís;  
Táimse díreach mar atáim,  
A Bhairbre, tusa a ghráim.

Grá mar seo ní thuigim é  
Pian mar í seo tóg uaim í,  
Grá mar seo santaím é  
Go smior an chroí a théann sé.

Ná ceistigh mé ró-ghéar  
Na cuir aon drochintinn i mo leith;  
Ná smaoinigh orm le drochmhéas  
Grá mar seo ní féidir éirí as.

Deirtear nach bhfuil aon leighceas le fáil  
Is féidir bheith dallta ar ghrá;  
Deirtear nach bhfeiceann leannán locht  
Beidh muidne dall ar fad anocht.

## Soilse geala na cathrach

Gearóid Ó Murchú.

Éalóidh mé ón áit seo  
Gan aon uaigneas i mo chroí.  
Is fágaídh mé an seansaol  
Clocha, deatach agus tuí,  
Go dtabharfaidh mé aghaidh ar an geathair.

Inseoidh mé duit, a mhaicín  
Mar go bhfaca mise im shaol  
Nach bhfuil soilse geala na cathrach  
Leath chomh geal leis an réalt sa spéir.  
Is foghlaimseoidh tú le himeacht blianta.

Ach an bhfeiceann tú anois mé  
Is mé cúpla ráithe thall  
Arasán is carr agam  
Is ag éirí liom thar barr?  
Ná labhair ar mhóin ná fear liom.

Nach dtuigean tú, a mhaicín  
Níl in do shuibhreasa ach seal.  
Ach an saibhreas ins an áit seo,  
Ní féidir é a mheá.  
Is tuigfídh tú an méid seo lá eicínt.

Anois na blianta caite,  
Mé ar cuairt san áit sin thiar.  
Rí-mhaidh a thuigimse an saibhreas  
A d'fhág mé i mo dhiaidh,  
Ach ní féidir dul siar ar na blianta.  
Tá an seanleaid thíos faoin gcré anois  
Níl aon chaint ar mhóin ná fear  
Anois is léir dom  
Nach bhfuil solas leath chomh geal  
Leis an réalt sa spéir.  
Ná labhair liom ar shoilse geala na cathrach.

## Coinnigh ar d'Aisling

Clem Mac Airt.

Sí aisling do chroíse, m'aisling a choíche.  
Sé n dóchas id shúile, mo dhóchas go deo.  
An phian 's an ghruaim táid agam gan freagra,  
Tar, síúil liom, a chara; is fíor é mo ghrá.

Curfá:-

Coinnigh, coinnigh ar d'aisling;

Coinnigh go buan 's ná caill í go deo.

Na deora is an t-ínní is eol dom gach maidin;

Scaoil uair í mar fhaitíos, ní leat féin tú níos mó.

Éireoidh an ghrian ag cur tús leis an lá geal.

Beidh gáire ar do bhéal binn ag Ionradh mar réalta.

'S mairfidh an darhosa go dul faoi na gréine;

Tar, síúil liom, a chara; is fíor é mo ghrá.

Coinnigh, coinnigh ar d'aisling;

Coinnigh go buan 's ná caill í go deo.

Na deora is an t-ínní is eol dom gach maidin;

Scaoil uair í mar fhaitíos, ní leat féin tú níos mó.

Coinnigh, coinnigh ar d'aisling;

Coinnigh go buan 's ná éirí aisti.

An aisling id chroí sé Dia a chuir ann í;

Tar, síúil liom, a chara; is leasa mo ghrá.



BORD NA GAELIGE (UCC)

&

ÁRAS MHÁIRTÍN UÍ CHADHAIN  
AN CHEATHRÚ RUA

CÚRSAÍ SA GHAEILGE LABHARTHA 1992

Mic Léinn Tríú Leibhéal: Cúrsaí 3 Seachtainí

Aibreán 3 - 24

Meitheamh 2 - 23

Meith 24 - Iúil 15

Iúil 24 - Lún. 14

Scoláirí Ard Teistiméireachta 1992: Iúil 24 - Lún. 14.

Cúrsaí sa Ghaeilge Labhartha do Dhaoine Fásta

Cúrsaí Gaeilge le haghaidh Sainspríocanna

Gnó, Meáin Chumarsáide, Tionsclaíocht, Seirbhísí Pobail & Stáit

Márta 30 - Aibreán 11

Bealt 4 - 16

Meith. 8 - 20

Iúil 20 - Lún. 1

Lún. 2 - 14

M/Fómh. 7 - 19

Cúrsa Coicise do Mhúinteoirí Bun scoile / Meánscoile

Iúil 20 - 31 1992

Cúrsa d'Fhoghlaimoirí Gaeilge ó Thíortha Eile

Iúil 17 - Lúnasa 14 1992

Broisúir & Eolas le fáil ó:

Áras Mháirtín Uí Chadhain,

An Cheathrú Rua,

Co. na Gaillimhe.

091/95101 / 95038 Facs: 091/95041

Bord na Gaeilge (UCC),

Coláiste na hOllscoile,

Gaillimh.

091/24411 folíne 2428





# NÍ BEOIR GO DTÍ É

URRAÍOCHT  
COMHLACHT HEINEKEN & MURPHY  
ÚDÁRÁS NA GAELTACHTA  
RAIDIÓ NA GAELTACHTA  
ÁRAS MHÁIRTÍN UÍ CHADHAIN  
ÓSTÁN AN DÓILÍN  
BORD NA GAELIGE  
BORD SOLÁTHAR AN LEICTREACHAIS  
CLÓDÓIRÍ LURGAN TEO.  
BANC NA HÉIREANN (An Cheathrú Rua)  
AN IOIREACHTAS  
ARAN FERRIES  
PETER WALSH CONSTRUCTION  
BANC AONTAS ÉIREANN (An Cheathrú Rua)

## Fáiltiú na Fáinleoige

Learaí O Fimneadha.

Do chéad m'le fáilte go hÉirinn  
Ach cén tír as a dtáinig do thrial?   
Nó an fíor go gcaithis féin téarma  
Ins an tír nach scairteann ach grian?

Sé do bheatha, a líobóigín álainn  
Thiocfaidh an chuach is an t-éinín ar ball;  
Is sólas ó Dhia dúinn an créaúir  
Tá an sciathánín leathair ar fáil.

Ní thacas-sa féin le mí tú  
mar chuaign tú ar lóistín gan chead  
isteach san sciobhóilín céanna  
Gur fheistigh tú suas do nead.

Imíonn tú uaimse sa bhFómhar  
Mar imíos an léchán le gaoth  
Is tagann tú arís ins an Earrach  
Ach ní chanann tú nóta ar aon chraobh.

Is iontach mar a dhéanann tú an bealach  
nó an dtéann tú go cinnte thar lear?  
mar tagann tú arís ar an eolas  
go bhfaigheann tú amach an sean-nead.

Ní túisce abhus ná thall tú  
nó an bhfaca tú aon gheimhreadh rianh?  
Is chómh deas is chaitheadh muide oíche áirmeáin  
dá mbeadh bua agat féin ar an scríobh.

An leanann tú do chúrsa amach díreach  
nó an bhfuil tusa féin faoi dhraíocht;  
nó cén fáth nach gcaitheann tú geimhreadh  
in Oileán na nOllann is na Naomh?

Is minic tú i gcontúirt do bháite  
ag eiceall os cionn taoille sa spéir,  
Is an fharraige mhór sin chomh láidir  
agus tusa beag bídeach mar éan.

## Conamara

Pádraig Seoighe.

Ar chuála tú caint ar aon áit amháin,  
Sé an áit úd is deise, is is breáichte le fáil,  
Tá na daoine ann is geanúla, is is grofúla le fáil,  
Sé Conamara na háille in iarthar an domhain.

Ó, bhí mise lá breá im sheasamh ar an ard,  
Ó, chonaic mé an radharc úd ba bhreáichte le fáil,  
Ó shléibhte Iar-Chonnachta is Araitn na Naomh,  
Ó, cuanta is callta is an fharratige mhór.

Nach aoibhinn é Conamara le teacht an lae bhreá,  
nuair a thosnaíonn an chuachín ag seimn sa gcrabhn;  
na héanacha mára, is na héanacha trá,  
ag seimn le chéile is ag spreagadh gach lá.

Ó d'fhág mé Conamara i dtosach mo shaoil  
Bhí run agam fillleadh ach ní mar sin a bhí;  
D'fhanas ar imirce go deireadh mo shaoil,  
is nuair a d'fhill mé faoi dheireadh ba bhrónach mo chroí.

Ó, céad faraoir má d'fhág mé Conamara riamh,  
Bheadh agam ann féirín is póg ó mo mhian;  
Ó, shéchródh mé síos ann le cúnamh Mhic Dé  
is ní bheadh mise ag imeacht le fánáíocht an tsaoil.

Ó, tá mé ar ais i gConamara i ndeireadh mo shaoil,  
Nach álainn an áit é le feiceáil arís,  
Tá chuide shaghas duine ann is comhludard breá  
is níor thug siad scread mhaidine d'aon duine beo.

Ó, nach breá a bheith i do sheasamh ar an ard seo arís,  
ag féachaint ar na radharcanna is ansa lenn chroí  
fuaime thorann na dtionta is tóirneach ón spéir,  
céad faraoir ní breáichte iad ar thalamh Sheáin Bhuí.

Ó, nach mise a bhí m'arnadán gur fhág mé é riamh,  
is go dtug mé an bád bán orm féin i dtosach mo shaoil;  
Ó, bheadh agam ann pléisiúr, ó, ceol agus craic,  
is ní bheimse do mo chéasadh ag gleo agus raic.

Ó, nach aoibhinn don té úd atá socraithe ann síos,  
is a bhfuil acu jab oibre ó mhaidín go faoithín;  
ach anois ó tá mise ó gabhte in aois,  
Mo mhíle beannacht do Chonamara áit a bhfásann bláth buí.



## ARANN SEABIRD

Ag seoladh as Ros a'Mhíl dhá uair ar a laghad gach lá  
go

### OILEÁIN ÁRANN

i 40 nóiméad

CEANGAL SPEISIALTA BUS IDIR GAILLIMH AGUS ROS A'MHÍL

Gach eolas agus ticéid ar fáil ag an oifig i:

Victoria Place, Gaillimh

nó ar an gcéilbh i:

Ros a'Mhíl

nó glaoinigh ar:

091-61767/72273

Ag síúl dom siar bóithrín na smaointe  
 Féicim bláth agus toradh ar ár ngrá  
 Ar a glúine anseo le mo thaobhsa  
 Tá an infón is áille le fáil.  
 Agus feicimse loimhir bheag dóchais  
 Ina súile atá ' preabhadh le fonn  
 Nuair a dhearcann muid beirt ar an tuama  
 Mé féin is mo cháilín deas donn.

**LET'S BUILD YOUR DREAM HOME...  
 IN THE WEST OF IRELAND!  
 EXTENDABLE WARM HOMES**

WE BUILD ON YOUR SITE... FAST!  
 Níl aon zinacán mar óo zinacán féin

**TOP QUALITY**  
 ASUS muid

FREE PLANNING + SURVEY SERVICE

**PETER WALSH CONSTRUCTION**  
 "THE PINES", BALLYBANE ROAD, GALWAY

PHONE - ANYTIME - 091-55955  
 FAX - ANYTIME - 091-52554  
 INTERNATIONAL+353 - 91+NUMBER  
 SEND £3 FOR COLOUR BROCHURE

**Amhrán na Bóirne**  
 Séan Ó Flannagáin.

Cill Mac Duach 'gus Cathair Mac Neachtain  
 Sé do bheatha, a Bhoirim Ó;  
 Cill Fhionnúrach 'gus Baile Uí Bheacháin  
 Cora Finne 'gus Mullach Mór.

Fuar 'gus fíor seacht sruthán a 'taoscadh  
 Sé do beatha, a Bhoirim Ó;  
 Nár líge Dia braon drochuisece  
 I gCarn na gCloch a shilt go deo.

Tuar na bhFiamm an chromleac uaigneach  
 Sé do bheatha, a Bhoirim Ó;  
 Mar ar scríobh an saor a scéal le leachta  
 Faoi neart ollchumhachtach 'gus beart dá réir.

Iomaire gan rómhar 'gus cabhal tí réigthe  
 Sé do bheatha, a Bhoirim Ó;  
 Nuair a scaip an dubh, do dhubh do bánáodh  
 Ach fós síocht a sleachta i gCorr Com Rua.

An áit inar fhás mé i mo bhláithín séimheach  
 Sé do bheatha, a Bhoirim Ó;  
 'Gus arís a d'fhág mé i mo phlanda caolach  
 Ach fanfaidh a háilleacht im chroí go deo.

Cill Mac Duach 'gus Cathair Mac Neachtain  
 Sé do bheatha, a Bhoirim Ó;  
 Cill Fhionnúrach 'gus Baile Uí Bheacháin  
 Cora Finne 'gus Mullach Mór.

## **Braitín Glas**

Uinsíonn O hArgadáin

Cé lig don leac seo  
teacht inár measc  
Séanaim tú, a bhratín ghlais.

Teann deifir fáil réidh  
don bhás  
Sea d'fhógair ruaig  
Ar ghnás na sean.

A bhratín ghlais, séanaim tú  
gur beag beann duit  
cé luíom fút.

An dream gur mór leo tú  
Is beag dúinn iad  
'ligeann orthu, gan fios  
Mar dhea  
Nach bhfuil aon ghruainm.

Tá lá ár gcur ag tapú  
Aos na gcras  
Níl trácht ar phaidrín  
Is leor an deich.

Go gcuirear firéan  
Mar do cuireadh rianh  
le clingeadh na gcloch  
Ar an mbosca sin fúinn  
Rá na ndeicheannaí  
Thugann dúinn dóchas.

Turas na reilige is dual dúinn uilig  
beidh cónra againn le hionadh.

An chré do ghlac ár gcáirde is ár bhfáin  
Sea chruinníonn páirha le chéile.

Féile do chách gur fíú 'cheithiúradh  
dúr an té nach eol dó suaim.

Fan socair tamall ' measc  
marbh na muiníre  
Eist le gaoth is le paidreacha báite.

Tá plean ag an Té  
chéad chruthaigh  
Ní muid 'leag leac beatha nó brí;  
Aige amháin freagra  
Ceisteannaí dár gciapadh.

Go leontar scríostar smíostar  
Spréitear tú  
A bhratín ghlais, séantar tú  
Gan bhrí gan bheatha  
Gan oiread is péisín ionat  
A chuirfeadh fáilte romhainm  
Ag dul san uaigh.


## **CLÓDÓIRÍ**

**CLOE - DOOREE**

**CLOWDOORI**

**CLO - DOÓR - Í**

**Is cuma cén chaoi a mbreathnaíonn tú ar -  
Ciallaíonn sé priondáil den scoth.**



**CLÓDÓIRÍ LURGAN TEO.**

Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Fón: (091) 93251 /93157. Facs: 93159.

## Darach Ó Catháin

Saifí Uí Ghionnáin.

Is i Máimín Leitir Móir

A rugadh an t-amhránaí sean-nóis;  
File de phór na bhfilí ó bhí sé an-óg  
A raibh aithne ag an saol mór air.

Thug sé aghaidh ar Ráth Chaim

Nuair a bhí sé ina bhuchailín an-óg;  
Bhíodh sé ag casadh sean-nóis ag an Oireachtas  
Áit ar thuill sé moladh mór.

Thit sé i ngrá is é an-óg

Is phós sé ag aois a naoi mbliain' déag;  
Rugadh a chlann sa mbaile dó,  
Sul má thug sé aghaidh ar an tír mhór.

Giaodh ar ais go Párthas air,

Is gan é fós ach bailithe na trí scór;  
Is tá sé curtha i Leeds Shasana,  
On mbliain naoi déag ochtó seacht.

## "Do Lá, a Dheasúin"

Tom Pheaidí 'Ac Diarmada.

Le seachtó bliain, ag saothrú leat,

A fhoclóir bhinn na Gaeilge.  
In aois na hóige atá tú ag gabháil,  
Gan oiread 's líne ag éalú.

Le do chuimhne cinn, a oidis bhinn,

A shaothraí saothair na Gaeilge;  
Gan oiread 's mír i rith do shaoil  
Ach go síoraí ag saothrú an éigis.

Níor chruinnis maoin ná níor chuir tú suim,

Ná níor cheap tú rianh gur ghá duit  
A'd ná uait fuíoll na bhfuíoll,  
Bhíodh i gcónaí caithe agus fáil a'd.

Bhí cáil an réabhlóidí ort rianh

Ach do chéadchúram bean is páistí.  
Ba é do mhian bheith leo de shíor,  
Faoi shaol, faoi shéan 's faoi shláinte.

Nach fada an bóthar ' bhí amach romhat


Ó bhí tú i do pháiste,  
Gan smúit den ghrúaim ach, bhí tú  
I gcónaí síodúil, sásta.

Gan inniú saoil ó sháil go rinn

Is tú go síoraí go gealgháireach,  
Lán de spraoi de ló is díoch',  
A Dheasúin chroí, mo ghrá tú.

# ÓSTÁN AN DÓILÍN

An Cheathrú Rua  
(091) 95169



Más Paití, Bainis, ná aon chineál cóisir atá uait,  
tabharfar aire sa Dóilín dhuit.

*Tá an dá Dhóilín ann.*

## Geallta na mBád i Mionloch

Baill Scoil Éigse agus Seanchais, Anach Cuain.

Má chantar le fonn is le fuinneamh  
Faoi éachtaí thuill clú agus cáil  
Ar Mhór-Roinn na hEorpa le blianta  
Is cuireadh a moladh ar pháir,  
Ná fágтар as áireamh, a chairde,  
Na geallta bád thall ar an abhainn  
I Mionloch na laoch is na sárfhear  
Nach bhfaighféa a sárú ar domhan.

Curfá:-

Is ardaímís uile in éineacht  
Trí gháir áthais is bua,  
Bíonn foireann bhreá Mhionlaigh chun tosaigh  
Is canaimís 'Mionloch abú'!

Na shuaithe ag bailiú ó mhaidin  
Ar bhruacha na Coiribe féin  
Ó Luimneach ar Sionáin, Portara,  
Ó Chorcaigh na gCuradhmhír tréan.  
Cúl Raithe ar Fheadhail, Port an Dúnáin  
Carrraig Eibhir, B'leá Cliath is Áth Luain,  
Cluain Meala is ó Thiobrad Arann  
Ba liosta mór fada le lua.

Curfá.

Bád snáthaide - iontach an bád é,  
chomh caol lena bhfaca tú riamh,  
Bíonn ochtar le chéile sa tsnámh ann,  
is an stiúrthóir á ngríosú le brí.  
Báid eile ag coimhlint sa líne  
Gach ógfhear ag tarraingt go dian  
Ag iomramh, le hallas a gcántha  
Ag iarraidh gach bád ' chur chun cinn.

Ba bhreá bheith ar bhrnach na haibhne  
Ag faire go fonnmar gach rás,  
Ag tacú le muintir na háite  
Ón Lochán, Seanbhaile is Más.  
An ghrian gheal go hard sna spéartha  
Ag soilsiú go glómhar ar chách,  
An éanlaith ag cantain go meidhreac  
Cá bhfaightéa comhlúadar ní b'fhearr?

Ag deireadh an lae bíonn an chraic a'inn,  
Neart damhsaí le ceol agus spraoi,  
An leannudbh go fairsing á roinnt ann,  
Ba ghearr le gach éinne an oíche!  
Na gaiscígh ar éirigh an lá leo  
Ag bailiú le chéile faoi bhród,  
Ag glacadh na geom go sásta,  
O, a chairde, nach mór é an spóirt!

## Guíonn **BORD na GAELIGE**

*gach rath ar*

*Chomórtas na nAmhrán*

*Nuachumtha 1992.*

 **Bord na Gaeilge**

7 Cearnóg Mhuirfean, Bailie Átha Cliath 2.  
Teileafón: (01) 7632222. Fax: (01) 616564.

## An Grá Úr San Óige

Clement Mac Mánuis

I nDún Dealgan bhí mo rún, sa tStráidbhaile cois cuain,  
Ba ann a rugadh 's a tógadh sinn.  
Gach lá ag déanamh spraoi ó mhaithin go titim na hoíche,  
Nach aoibhinn é an grá úr san óige?  
Bhí cailín deas óg 's ar a leiceann leagas póg  
Ina carr go moch maidin samhraidh.  
's beidh cuimhne a'm go deo ar an lá úd fadó  
Nach álainn é an grá úr san óige?

Ba dheas liom a gnúis, ag rith an fána anuas  
's an gáire go meidhreac ar a héadan.  
Ba cheolmhaire é a glór ná éinín beag nó mór  
Nach álainn é an grá úr san óige?  
Ag siúl na mbóithre suas 's ag teacht arís anuas  
Bhínn ag faire amach len í a fheiscint.  
's ansin d'ardaíodh mo chroí, agus 's a'm a bhí fios an bhrí  
Mar is beomhar é an grá úr san óige.

Níl cosán ann ná ród nár shiúlamar gan bród  
's muid ag caint faoinár mbaile dúchais.  
Níl balla, cloch ná crann nár fágadh ár rian ann,  
Is iontach é an grá úr san óige.  
Ach d'éalraig si uaim go hóg, 's tá sí curtha síos faoin bhfód,  
Is, a Dhia, cén fáth ar thug tú uaim í?  
Anois ag béal an chuain atáim im seasamh go lá an Luain;  
Is pianmhar é an grá úr ó m'óige.


## Fear Ionann

Albert Webster.

Mharaigh tú mo dheartháir,  
a phóilín, an bhfuil áthas ort?  
mar go bhfuil ceadúnas  
chun maraithe agat.  
Níor chóir duit é a mharú  
de bharr a chraicinn dhuibh  
Ní raibh sé difriúil ó aon duine bán.  
Sea, is fear ionann é.

Féach, a fhir shaibhir, ar do thairseach  
Tá fear déirce agus ríocht ina anam.  
Tabhair isteach é, tabhair bia is éadaí dó.  
Ach, an iomad é le hiarraidh  
An bhfuil luach breise ag beatha thar saintir?  
An bhfuil luach breise ag anam thar airgead?  
Níl de dhifríocht ann ach é bheith salach  
Ach is fear ionann é.

Ró-óg, thug sí a corp  
Bhí eagla uirthi fanacht ina haonar.  
Bab amháin ag teastáil - bab eile,  
Bab muis ag tnúth le haibíocht.  
Ach bhí aingeal ar a gualainn  
Ag caint lena hanam;  
D'éist sí is bhí gliondar ar a croí.  
Is bean ionann í.



## A Ruairí dhil Mhic Easmuinn

Dónall Ó Colcháin.

A Ruairí dhil Mhic Easmuinn,  
Is fada an lá ó bhí tú linn;  
Thug tú cuairt orainn i 1913  
Nuair ' bhí muid bocht 's tinn.  
Cé go raibh muid lag an tráth sin  
Is gach aon duine a'inn gan aon bhrí,  
Thug tú misneach, cabhair is cúnamh  
Do dhaoine fásta is do pháisirí.

Is iomaí uair a shiúil tú an ceantar  
Ag caint 's ag comhrá le buachaillí;  
Bhí an Chaeilge ar do thoil a'd  
Agus mise i mbannaí gur labhair tú í.  
Tar éis go raibh tú seal ag obair  
do Ríocht Shasana 's don Rí,  
D'fhág tu sin ar fad ar leataobh  
Is chuaigh tú féin isteach sna hÓglaigh.

Thug tusa ansin faoi deara  
Nach raibh gunnaí ins an tír,  
'S chuaigh tú don Ghearmáin  
Is thug lán báid leat go Chiaráí.  
Ghabh na Sasanaigh ansin tú  
'S chaith i bpríosún tú ar feadh sé mhí,  
Is chroch ar nós an ghadhair tú  
Le ropa a bhí fáiscithe.

Tá ceithre scór bhliain caite  
Ó bhí tú inár measc;  
Tá athrú ar an tír seo  
Ar ár dteanga is ar an áit.  
'S más féidir leatsa cúnamh a thabhairt  
Mar rinne tú fadó,  
Beidh muidne buíoch beannachach  
Is Gaelach go deo na ndeoir.



## MEARAÍ MÓR NA LAOCH

Liam Ó Donnchadha

Is fada mé ar fán 's ar strae ó mo thírín dúchais féin,  
Go hOileán Úr, mo léan 's mo thrua, do ghluais ar bord i gcéin,  
Is trom mo chroí de ló is d'óich', níl faoiseamh ar mo phéin,  
Ag cuimhneamh dom ar ghaolta liom i Mearaí Mór na Laoch.

Na buachaillí 's na cailíní bhí liom ar scoil fadó,  
Samhlainse iad sna hoícheanta i bhfís ag teacht im threo.  
Na cairde caoine cneasta séimh' atá carthanach is cóir,  
San áit a chaitheas tús mo shaoil i Mearaí, Uarán Mór.

Tá áras mór na mBlácach fós le feiceáil in Ardflraoich,  
Cois cuain caim Rinn a' Mhaoile, ó nach álainn é an súfomh!  
Na báid ag dul anonn 's anall le cóir is cabhair ón ngaoth  
Na healaí is an éanlath ann ag snámh go sárth ar toinn.

Is ann atá iománaithe chomh maith is 'vá le fáil,  
Ó Tharnhan, Baile na Manach is ó Chnoc go dtí Lugán.  
Tá camáin á sfórluascadh ann le fuinneamh agus brí,  
Mar bhíodh ag ár sinsir romhainn i Mearaí Mór na Laoch.

Tá teanga bhinn na Gaeilge fós á labhairt ann le bród,  
Is cultúr caoin na nÉireannach á fhorbairt mar is cóir,  
Scoil Éigse agus Seanchais san áit le bliain is scór,  
Le ceoltóirí chomh cumasach le hOirféas féin fadó!

Ba é mo mhiam bheith ar ais arís ar thalamh glas na nGael,  
I ndúiche bhreá mo mhuintire - is bead le cúnamh Dé,  
Ag obair liom go sásta nó go rachaidh mé in éag,  
'S go sínfear mé go doimhin i gcré i Mearaí Mór na Laoch.

## Ag Cuimhneamh Ort

Máire Eilís Ní Fhlatharta.

Cén fáth a bhfuil tú ag imeacht uaim  
Go háit i bhfad i gcéin,  
Do m'fhágáil anseo liom féin?  
An mbeidh tú traochta ag an taiseal  
Is na deora ag tim gan stad?  
Ach beidh mé ag cuimhneamh ort.

Sí stair na haoise í, níl aon obair le fáil.  
D'imigh ár n-aitheacha ach d'fhill siad.  
Anois tá tusa ag imeacht  
An diocfadh tú ar ais?  
Beidh mé ag fanacht  
Is beidh mé ag cuimhneamh ort.

Tá tú ag imeacht le do mhálaí tromha  
Ach is troime mo chroí le pian  
Mo shúile ar nós aibhneacha thar maoil  
Is mé ag fanacht, ag fanacht leat.

An scríobhfáidh tú chugam  
Le scéalta an iontais  
Líonta greann is le grá?  
Cuirfidh siad áthas orm  
Nuair a bheas mé i m'áonar  
Ag caoineadh go huaigneach  
Is ag cuimhneamh ort.

Imeoidh an t-inní  
Le mo chúpla paidir  
Mar tá mo mhothú sách láidir  
Is ní athróidh sé  
Ar feadh an ama  
A bheas mé ag fanacht  
Is mé ag cuimhneamh ort.

Nuair a thioctas an t-uaigneas  
Gheobhfáidh mé mo shuaimhneas  
Ag brionglóid' is ag smaoinneamh ar an lá  
Nuair a bheas muid in éineacht.  
Ach go dtí sin beidh mé ag fanacht  
Is mé ag cuimhneamh, is ag cuimhneamh ort.

## Mo Chailín Féin


Siobhán Ní Shuilleabháin.

Curfá:-  
Artís is arís 's arís tá 'n féar ag fás  
Artís 's arís 's arís tá craimn faoi bhláth;  
Artís 's arís 's arís tá mé i ngrá  
Mise 's tusa, cois ar chois is céim ar chéim.  
Gaetha geala gréine 'damhsa ar bhlátha 'n bháin  
Srutha meara sléibhe a 'rith agus a 'rás;  
Mise is tusa in éineacht agus sinn i ngrá  
Ó, mo rún, mo chailín ciúin, mo chailín féin.

Chonacsa do shúil ar fhear eile,  
Chonacsa do chroí dá chrá;  
'S cuma san, a rún, tá 'n tEarrach linn  
Bliain úr nua dár ngrá.  
Buail bos ar do chroí is téanam ort;  
Téanam ort i measc na mbláth;  
Tá 'n fhuiseoigín ag ardú céadta port,  
Romhainn amach tá 'n Samhradh sámh.  
Leath an churfá.

Beadsa leat le breacadh maidine;  
Beadsa leat le titim oíche.  
Beadsa leat le duairceas fearthainne  
Beadsa leat le teas is grian.  
Fada mé ag tnúth led chuideachta;  
Fada mé ag tnúth led ghrá.  
Anois ó tá tú liom tá 'n Geimhreadh thart  
Is beidh an Samhradh linn go brách.

Curfá.



## THÁINIG CIALL LE HAHOIS


Le gás a d'oiibríodh na  
Cúig Lampa \* ar dtuis ach  
athraíodh go leictreachas  
iad i ndeireadh na  
1930idí. Lampaí sóidiam  
ardbhrú, an  
teicneolaíocht shóisithe  
is forbartha, atá anois sna  
Cúig Lampa,  
cuimhneachán atá breis  
agus céad bliain d'aois.

Cuireann leictreachas beocht sa  
bheatha.



ELECTRICITY SUPPLY BOARD  
BORD SOLATHAIR AN LEICTREACHAIS

\*Seod Iomráiteach sráide i mBaile Átha  
Cliath na Cúig Lampa. I gcuirimhe ar  
Chailimheach, an Chinearáil Henry Hall, a  
curfeadh an sampla aoi bhinn seo d'iarann  
teiligthe in aird c. 1870.





# RAIDIÓ NA GAELTACHTA

Scéalta Beaga agus Scéalta Móra

Ceol, Cabaireacht agus Cuideachta

ó Adhmhaidin go Tráthnóna

ar

**RAIDIÓ NA GAELTACHTA**

Craoladh beo ar

FM/VHF

ar fud na tíre



**Buaiteoirí Rannóg a 1 1991.**

Máire Uí Chéidigh a chan agus Joe Steve Ó Neachtain a chum. 'Suathheadh Farraiqe' teideal an amhráin.

# Forbairt na Gaeilte



Caomhnú na  
teanga agus an

Chultúir Ghaeltachta -  
tá páirt thábhachtach

agatsa san obair!

**Udarás na Gaeilte**

Na Forbacha, Gaillimh Teil. (091) 92011 Teileacs:50159 Facs:92037



**LEANN DUBH  
GAELACH**

**LEANN DUBH  
DO GHAEIL**

---